

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) a tionóladh ar MS Teams agus trí ghlaó comhdhála.

Cruinniú: 4:30 pm, 28 Márta 2022

I láthair: An Comhairleoir Brigid Manton, An Comhairleoir Cathal Boland Claire Markey, Daneve Harris, Gerry McGuire, An Comhairleoir Kazi Ahmed, An Comhairleoir Joe Newman (Cathaoirleach), an Comhairleoir John Walsh, an Comhairleoir Pamela Kearns, an Comhairleoir Pamela Conroy, an Comhairleoir Peter Kavanagh, an Comhairleoir Yvonne Collins, Anne Genockey, an Comhairleoir Michael Clark, Brendan O'Halloran; Susan Duffy

Leithscéalta: Paul McNally

As láthair: Colm Kilgallon, an Clr. Ed O'Brien, Ken Farrell, an Clr. Una Power.

I láthair: Caitriona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Debbie Howlett, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna; Noel Kelly, Stiúrthóir Scoileanna; Allen Buckley, Airgeadas; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Gillian Doherty, Cathaoirleach ARC; Mary Kenny, Oifigeach Forbartha, EAL; Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta ar SMT.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, an comhairleoir Joe Newman, fáilte roimh gach duine chuig an gcrúinniú.

Comhbhrón

Rinneadh comhbhrón le teaghlaigh bhail foirne ar bhásaigh duine muinteartha leo le mí anuas. Bhí nóiméad ciúnais ann.

1. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl

Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl

2. Ábhair le Réiteach ag an mBord

Miontuairiscí: Cuireadh miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin, a tionóladh ar 28 Feabhra 2022, siar le haghaidh leasuithe go dtí an 16 Bealtaine. Dúirt Gerry go raibh sé míshásta le leasuithe mhí Eanáir, toisc nach léiríonn sé an méid a pléadh.

Ceapacháin Chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Ceapadh an Clr. Pamela Conroy ina hionadaí BOO do bhord CC Chaisleán Cnucha

Molta: An Clr. Peter Kavanagh, a thacaigh leis: An Clr John Walsh, a mhol.

Chuir Cathaoirleach an ARC, Gillian Doherty agus Cathaoirleach an Choiste Airgeadais, Gerry McGuire, an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi bhráid an bhoird a mhol go nglacfaí leis an AFS agus leis an Tuarascáil Bhlantúil.

Ghabh an príomhfheidhmeannach Caitriona Murphy buíochas le gach duine a bhí páirteach san ARC as a gcuid oibre.

Ghabh Gillian Doherty comhbhrón le teaghlach Mary Troy, comhalta den ARC agus dlúthchara a bhásaigh i mí Eanáir.

Glacadh leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil

Molta: Gerry McGuire, a thacaigh leis: An Clr. Peter Kavanagh

Glacadh le Tuarascáil ARC

Molta: An Clr. Peter Kavanagh, a thacaigh leis: An Clr. Michael Clark, a mhol.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Gillian agus Gerry as a gcur i láthair agus as a gcuid oibre ar na coistí.

D'fhág Gillian Doherty an cruinniú ansin

Tugtha ar aird gur éirigh an Clr Kazi Ahmed as Fóram an Choiste Cúltaca BOO

Ceapadh Paul McNally ar bhord bainistíochta an BOO

Molta: Gerry McGuire, a thacaigh leis: An Clr John Walsh, a mhol.

Ceapachán Ball ARC mar gheall ar bhás Mary Troy BOOLC

Aine Murphy Oifigeach Gnóthaí Poiblí BOOCDCM

Molta: An Clr. Pamela Conroy

Cuidithe: Anne Genockey

Glacadh leis an gCód do Charthanais, **Molta: Gerry McGuire, a thacaigh leis: An Clr Pamela Kearns, a mhol.**

Glacadh le Tuarascáil an Chóid Do Charthanais, **Molta: An Clr. John Walsh, Cuidithe: An Clr. Pamela Conroy**

Ceadaiódh glacadh le bronntanas do Pobalscoil Náisiúnta Choilm ó Price Waterhouse Coopers le haghaidh geansaithe lena lógó. **Molta: An Clr. John Walsh, Cuidithe: An Clr. Pamela Conroy**

3. Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Comhfhreagras ón Roinn

Ciorcláin **Tugtha ar Aird**

Thug Coistí an Bhoird **dá n-aire**

4. **Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an bhFeidhmeannas**

Tuarascáil an POF - Dé Luain an 28 Márta 2022

Tá mé díreach ag iarraidh buíochas a ghabháil leis as an ARC agus leis an gCoiste Airgeadais as an obair a rinneadh le seachtainí agus míonna anuas agus cuirfidh na cathaoirligh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil agus an Ráiteas Rialuithe Inmheánacha os do chomhair anseo inniu – cuirim fáilte roimh Gillian Doherty agus Gerry McGuire agus gabhaim buíochas leo. Buíochas le Debbie, Allen, Susan, Thea agus na foirne uilig as a gcuid oibre.

Díreach chun a dheimhniú go leanaimid orainn ag leanúint na comhairle sláinte poiblí is déanaí ach go leanaimid orainn ag cur béime agus ag díriú ar na bearta coisctheacha lena chinntiú go bhfanann sláinte agus sábháilteacht ina thosaíocht. Tá teacht ar ais céimnithe á chur i bhfeidhm againn in HO agus táimid ag leanúint ar aghaidh le cruinnithe ar líne nuair is féidir.

Meabhrúchán daoibh faoin seisiún Oiliúna Rialachais tríd an bhForas Riaracháin, a bheidh ar siúl i mí Aibreáin.

Rachaimid anonn chuig Adrian agus Noel gan mhoill, chun nuashonrú gairid a fháil.

Ach sula ndéanaimid sin, le cúpla seachtain anuas agus ón gcruinniú deireanach a bhí againn – táimid dírithe ar an athrú atá tagtha ar chúrsaí san Úcráin agus ar ár bhfreagairt do gach aon teifigh a thagann go hÉirinn, lena n-áirítear ón Úcráin. Bhí roinnt achainíocha faighte againn maidir leis seo uaibh agus tá an t-ádh linn go bhfuil taithí ag Mary Kenny in BOOÁC DL, ón bhfoireann forbartha, mar phríomhduine i gclár do theifigh roimhe seo agus ag obair le soláthar an Bhéarla mar theanga bhreise (EAL) agus do chainteoirí teangacha eile (ESOL). Ba dheas uaithi gealltanais a thabhairt dúinn, cuid den obair a thacú agus a chomhordú, le tacaíocht ó SMT agus ó gach Príomhoide agus Bainisteoir ar fud sheirbhísí BOOÁC DL. D'iarr BOOÉ agus na ranna éagsúla a comhairle le cúpla seachtain anuas freisin. Chuir Mary Kenny an bord ar an eolas faoin bhfreagairt ó BÁC DL do dhéanaithe ón Úcráin maidir le tacaíochtaí. Táimid ag nascadh isteach le scoileanna i ngach ceantar ó thaobh acmhainne de. Inár n-eagraíocht táimid in ann freastal ar riachtanais na ndéanaithe, siocair go bhfuil muid inár n-ionad scrúdaithe atá deimhnithe ag Cambridge.

Stiúrthóirí Scoileanna

Tionóladh an chéad chruinniú duine le duine de chuid na bPríomhoidí i HO Dé Luain an 7 Márta. I measc na míreanna ar an gclár oibre bhí Éiteas agus Bunluachanna, John Doran ag labhairt ar Fholláine, tacaíochtaí RSO agus tacaíocht láraithe FMS.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



Bhí imeacht do gach Príomhoide nuacheaptha ar siúl ar an 3 Márta i CP Dhomhnach Bat. Bhí sé beartaithe roinnt ceardlann a dhéanamh chun cur le ceannaireacht mhachnamhach agus soláthar RSO. Críochnaíodh é le lón agus gníomhaíocht fhisiciúil ar thógáil foirne.

Bhí Lá Pátrúin BOOÉ ar siúl ar an 24 Márta ag clúdach topaicí ar nós Creat an Phátrúin um Éiteas, Creat na bPátrún a Chur i bhFeidhm, Coláistí Pobail Ainmnithe, obair na gComhordaitheoirí Éiteas.

Chríochnaigh gach Príomhoide agus na Leas-Phríomhoide oiliúint sa chlár 'Take 1' ar 24 Márta. Is é aidhm an chlár seo ná, Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim, in iar-bhunscoileanna san earnáil BOO. Chuir an chéad chéim den oiliúint (2019 – 2021) deiseanna luachmhara ar fáil, go pearsanta agus ar líne araon, chun an clár a bhunú agus a fhorbairt. Tacóidh an chéad chéim eile leis an earnáil chun rannpháirtíocht le ESD agus Saoránacht Dhomhanda a threorú, agus cuirfidh sé láithreacht infheicthe ar fáil dár scoileanna maidir le freagairt d'inní mac léinn agus foirne faoi shaincheisteanna aeráide agus saincheisteanna inbhuanaitheachta.

Tiocfaidh Lónra Príomhoidí PN le chéile Dé hAoine 1 Aibreán, agus tá a bhfócas scoile uile aitheanta ag na Príomhoidí sin do na míonna atá le teacht. Tá an Chrannóg Nua, Baile an Oibrigh agus Baile Uí Dhúda uilig tar éis clárú chun páirt a ghlacadh i dTionscnamh Scoileanna Ildánacha tríd an gComhairle Ealaíon.

Tá athbhreithniú déanta ar an amlíne don chlár Music Generation. Leagtar amach san amlíne anois, 3 thionscadal ar bhonn píolótach sna míonna amach romhainn agus go gcruthófar Painéal Oideoirí Ceoil.

Stúirthóirí Breisoideachais agus Oiliúna

Achainí ar Chaipiteal do Choláiste FET na Todhchaí agus Oibreacha Foirgníochta

Tá achainí ar chaipiteal do Thograí Choláiste FET na Todhchaí agus Oibreacha Foirgníochta déanta ag SOLAS. Tá an fhoireann Pleanála agus Straitéise seo agus OSD ag obair faoi láthair ar iarratas BOOÁCDL a bheidh ailínithe leis na tosaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis náisiúnta FET, i Straitéis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, i Straitéis Scileanna an OECD agus sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 i measc nithe eile.

An tAthbhreithniú Cáilíochta Tionscnaimh

Mar chuid den athbhreithniú seachtrach ar chórais dearbhaithe cáilíochta FET, dearadh próifíl an tsoláthraí agus an Tuarascáil Féinmheastóireachta go grafach agus beidh siad ar fáil ar shuíomh gréasáin BOOÁCDL go luath. Tá an fhoireann QA FET ag ullmhú do chruinniú pleanála leis an bpainéal athbhreithnithe agus leis an QQI atá le bheith ar siúl an 13 Aibreán, 2022.

Idirphlé Straitéiseach SOLAS

Sheol SOLAS na seisiúin Idirphlé Straitéisigh i mí an Mhárta. Beidh na cruinnithe seo ar siúl i ngach ceann de na 16 BOO i mbliana. Éascaíonn na cruinnithe plé idir SOLAS agus BOOÁCDL faoin méid a chuireamar le spriocanna an chórais náisiúnta, tugann siad deis machnamh a dhéanamh ar chomhaontuithe tosaigh agus

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



ar thionchar na paindéime agus díriú ar uailmhian FET sa Todhchaí sa Straitéis FET agus ar an méid a d'fhéadfadh a bheith ann do spriocanna an chórais náisiúnta amach anseo.

Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (TEF)

Chuir Debbie Howlett an tuarascáil Airgeadais agus an Tuarascáil Foirgnimh i láthair, ag cur in iúl don bhord nach gceanglaítear orainn mar eagraíocht charthanachta ús diúltach a íoc a thuilleadh agus go bhfuil €280,000 aisíochta ag an mbanc le BÁC DL.

5.1 Tuarascáil Airgeadais Tugtha ar Aird

TUARASCÁIL AIRGEADAIS BORD OIDEACHAIS & OILIÚNA ÁTHA CLIATH & DHÚN LAOGHAIRE (BOOÁCDL)

AN BHLIAIN GO DTÍ FEABHRA 2022

Clár	Airgead Deontais Tosaigh Iarmhéid	Fáltais	Íocaíochtaí	Airgead Deontais Deiridh Iarmhéid	
	An 1 Eanáir 2022			28 Feabhra 2022	
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME MAR PHÁ	(26,058)	(19,772,183)	20,895,155	1,096,914	
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME NEAMHPHÁ	(3,022,758)	(1,352,608)	2,601,864	(1,773,502)	
AN tIOMLÁN A BHAINNEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(7,206,187)	(1,397,356)	727,364	(7,876,179)	
IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA	(1,228,502)	(646,847)	305,794	(1,569,555)	
CAIPITEAL IOMLÁN	(11,914,955)	(2,165,985)	2,031,050	(12,049,890)	
IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL	(171,666)	-	-	(171,666)	
IOMLÁN AN BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA	(3,639,491)	(12,411,426)	12,253,650	(3,797,267)	
IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE	(1,505,029)	(2,965,319)	1,027,134	(3,443,214)	
IOMLÁN NA GNÍOMHAIREACHTA	(1,111,274)	(1,250,884)	650,859	(1,711,299)	
IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE	(8,229,274)	(578,746)	459,733	(8,348,287)	
Iarmhéid Bainc	(38,055,194)	(42,541,354)	40,952,603	(39,643,945)	
Bhí iarmhéid thart ar €39.6m sa chuntas bainc ag BOOÁCDL ag deireadh mhí Feabhra 2022.					
Tá na Deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó SOLAS go dtí seo chun caiteachas a bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Tá na deontais sin san áireamh sa Phríomhscéim Ghaolmhar,					
Bunscoil, Caipitil agus Breisoideachas agus Oiliúint sa tábla thuas.					
	Iarmhéid Tosaigh	Fáltais	Íocaíochtaí	Iarmhéid Deiridh	
PS Gaolmhar	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID19	(129,342)	(216,118)	58,257	(287,203)
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH MAOIRSEACHT FHEABHSAITHE IN AIMSIR COVID19	(314,649)	(686,840)	213,819	(787,670)
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID19	(436,850)	(478,824)	67,365	(848,309)
Bunscoil	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID-19	(32,765)	(81,085)	40,737	(73,113)
Bunscoil	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19	(42,561)	(81,000)	23,393	(100,168)
Caipiteal	DEONTAS I LEITH MIONOIBREACHA COVID 19	(1,083,925)	-	98,252	(985,673)
BOaO	Forchostais COVID19	(144,451)	-	54,802	(89,649)

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



5.2 Tuarascáil ar na Foirgnimh Tugtha ar Aird

Cruinniú BOOÁCDL Márta 2022 Tuarascáil ar an gClár Caipitil & Tógála
Mórhionscadail Chaipitil 2022

Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Achar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
Coláiste Pobail Bhaile Brigín, Iomaire na Giúise, Sráid an tSéipéil, Baile Brigín.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil Scoile nua, Céim 2B á hullmhú don Roinn Oideachais.
Coláiste Pobail Naomh Fhionáin, Feirm an Chaisleáin, Sord.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil Sínte, 13 Sheomra Ranga Ginearálta & Shainsheomra. BOOÁCDL ag obair i gcomhar leis an DOE ar scóip leasaithe. Ordú Taisc eisithe maidir leis an gcóiríocht shealadach atá de dhíth. Ar an láthair.
Coláiste Pobail Ard Giolláin, Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tá tús curtha le hOibreacha Feabhsúcháin. Dáta críochnaithe measta i 2022.
Coláiste Pobail Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán.	Baile Átha Cliath Thiar Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Tionscadal athdhéanta le haghaidh pleanála, faoi threo an Roinn Oideachais.
Coláiste Chilliaín, 96-116 Seanbhóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Baile Átha Cliath Thiar Theas, Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Tá treoir tugtha ag an Roinn Oideachais dul i dteagmháil leis an gConraitheoir. Agus fochonraitheoirí ainmnithe.
Scoil Speisialta Beinín Casa. 1 Ascaill Chnoc Mhuirfean, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath Thoir Theas. Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin.	Athchóiriú an fhoirgnimh reatha. Céim 2b le heisiúint chuig an Roinn Oideachais lena faomhadh.
Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Cluain Dolcáin. Baile Átha Cliath 22.	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Seomraí Ranga Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) 2. Stop curtha le hoibreacha deartha. Meastóireacht ar an Scoil Uile fós ar siúl. Ordú Taisc eisithe maidir leis an gcóiríocht shealadach atá de dhíth. Ar an láthair.
Scoil Speisialta Phobail Danu, Bóthar an Bhearnbhálaigh, Páirc Hans, Baile Átha Cliath.	Co. Bhaile Átha Cliath Thiar. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Tionscadal críochnaithe, ag déanamh seic ar fabhtanna faoi láthair.
GS Reachrann, Bóthar Grange Abbey, Baile Átha Cliath 13.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh	Comhairleoir M+E ag ullmhú litreacha ar éirigh, agus nár éirigh leo
Coláiste Pobail na Sceirí,	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh.	Foireann Deartha faighte ach amháin Ailtire Comhairleach. Ag fanacht ar cheadú SOA & New SLA

Sráid Bhaile Brigín, Bóthar Pháirceanna an Bhaile, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath.	Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	
Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Buiséad Faofa le haghaidh Aonad Riachtanas Speisialta. Foireann deartha á faomhadh.
SEN Páirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Cuireadh tús le cóiríocht shealadach ar an láthair. Svúit SEN curtha chun tairisceana.
Clár Oibreacha Samhraidh 2022.		Ceapadh comhairleora curtha chun tairisceana.
TIONSCADAIL CHÓIRÍOCHTA SHEALADACHA 2021		
Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Achar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
TA Fhine Gall Bóthar Sea Town, Páirceanna an Bhaile, Sord Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Plé leanúnach idir an DOE, Comhairle Contae Fhine Gall agus BOOÁCDL.

Réadmhaoin: Márta 2022.

Réadmhaoin	Nuashonrú	Stádas
Lár Bhaile Dhún Droma, Aonad 2.	Léas imithe in éag ó 2017	Ar deireadh, aontaíodh ar seo. Eiseofar léas nua agus déanfar é a shiardhátú.
Teach Mangan, Maigh Eo	Ní mór tailte a aistriú ar ais chuig BOOÁCDL. An réadmhaoin fós faoi árachas ag BOOÁCDL.	Tá nuashonrú iomlán á thabhairt dúinn ag Eversheds, aturnaí againn, faoi dheireadh mhí an Mhárta 2022.
Campas Iarthar na Cathrach.	Clárú iomlán tailte leis an Údarás Clárúcháin Maoine, tá Eversheds ag obair ar na ceisteanna sin faoi láthair agus ba cheart go dtabharfaí chun críche go luath iad. Cás dlí á thógáil ag Tríú Páirtí Brunella maidir le húsáid a bhaint as comhlímistéir i gcodanna áirithe talún. Cead pleanála tugtha don Roinn Oideachais chun dhá scoil a thógáil.	Táimid ag fanacht le freagra ón Roinn Oideachais maidir le bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Ag fanacht ar nuashonrú ón aturnaí freisin.
Halla Spóirt Dhomhnach Bat	Níl aon chomhaontú foirmiúil ann os cionn 10 mbliana d'aois ar ár gcuid úsáide. Tá an cíos atá á	Tá sé comhaontaithe go leanfar le háirithintí mar atá le grúpaí tríd an ionad. Ba mhaith le BOOÁCDL aghaidh a thabhairt ar thodhchaí na

agus Páirc imeartha uile aimsire.	ghearradh ar an halla ró-ard. Todhchaí na páirce imeartha le cinneadh. Níl aon muirear cothabhála á íoc ag BOOÁCDL. Cás dlí fós le réiteach maidir le tuile ar an bpáirc imeartha.	n-oibríochtaí le FCC, mar tá a lán réimsí ann nach mór a phlé. Cruinniú ar an 30 Márta agus cruinniú maidir leis na táillí foriomlána a íocaimid le CC freisin.
Seanstáisiún na nGardaí, Baile Bhlainséir.	Is mian le hOifig na nOibreacha Poilí comhaontú ar bhonn foirmiúil a dhéanamh, níl aon chomhaontú ann faoi láthair, cé gur thionóntaí sinn le 20 bliain anuas.	Ag caint le hOifig na nOibreacha Poiblí chun tionóntacht a chur ar bhonn foirmiúil ansin le léas. Ag féachaint ar an bhfoirgneamh malartáin a bhfuil a léas imithe in éag ó 2017. Ag leanúint ar aghaidh

5.3 Nuashonruithe ar Phróifílí na Foirne Tugtha ar Aird

Daoine ag dul ar scor

Ceapacháin & Arduithe Céime

Postroinnt & Sosanna Gairme

5.4 Clár Rioscaí: Tugtha ar aird

6. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an mBord

- Ceist ar an bPríomhfheidhmeannach ó chomhalta: Tá imní léirithe ag pobal na scoile in SSP Danu nach mbeidh an suíomh fóirsteanach go fadtéarmach agus go bhfuil gá le foirgneamh nua.
Príomhfheidhmeannach le ceist a chur maidir le Céim 2 leis an Roinn.
- Bhí plé ann maidir le “Beartas Coinbhleachta Leasa” ón mbord.

Ar aon dul le Buanorduithe

7. An chéad chruinniú eile: 16 Bealtaine 2022